



An Scéim um Chúramaí Baile

Cad is cúramaí baile ann?

Chun críocha na Scéime um Chúramaí Baile (a tugadh isteach ón 6 Aibreán 1994), is é is cúramaí baile ann ná fear nó bean a chuireann cúram lánaimseartha ar fáil do leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d'aois nó do dhuine breoite nó do dhuine faoi mhíchumas atá 12 bhliain d'aois nó níos sine.

Cad í an Scéim um Chúramaí Baile?

Cabhróidh an Scéim um Chúramaí Baile leat cáiliú mar chúramaí baile don Phinsean Stáit (Ranníocach) nuair a bhainfidh tú 66 bliana d'aois amach. Ní chuireann sí íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar fáil le linn do dhuine a bheith i mbun na cúramaíochta baile.

Ceann de na coinníollacha i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) is ea nach mór do dhuine íoslíon ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair a bheith aige/aici mar mheánmhéid bliantúil ón am a théann sé/sí faoi árachas sóisialach go dtí go sroichtear aois an phinsin.

Má dhéanann tú cúram lánaimseartha d'aon leanbh nó d'aon duine fásta, is féidir bearna a bheith i do thaifead ÁSPC. Faoin Scéim um Chúramaí Baile faoi láthair, déanaimid neamhaird den bhearna seo agus meánmhéid bliantúil do ranníocaíochtaí ÁSPC i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) á áireamh againn. Is féidir go gcabhróidh sé seo le duine cáiliú do phinsean nó is féidir go gcuirfidh sé duine i dteideal pinsean ar ráta níos airde.

Ní bhaineann an socrú seo ach leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) agus ní bhunaítear é ach ar

bhristeacha ón obair a glacadh tar éis 6 Aibreán 1994.

Chun tairbhe a bhaint as an scéim seo, ní mór tréimhse oibre a bheith caite agat agus ÁSPC ar **Aicmí A, E, F, G, H, N** nó **S** a bheith íoctha agat.

Thairis sin, ní mór duit coinníollacha caighdeánacha cáiliúcháin an Phinsin Stáit (Ranníocach) a chomhlíonadh.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.welfare.ie**.

Conas a oibríonn an Scéim?

Blianta a dtugtar neamhaird orthu

Ón 6 Aibreán 1994, féadtar neamhaird a thabhairt ar bhliain iomlán ranníocaíochta a chaitear mar chúramaí baile ó thaobh do mheánmhéid bliantúil i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) a áireamh, suas le huasmhéid 20 bliain. Is í an éifeacht a bhíonn aige seo ná do mheánmhéid bliantúil a mhéadú mar roinntear an líon céanna ranníocaíochtaí iomlána ar líon níos lú blianta, féach an sampla thíos.

Creidmheasanna um chúramaíocht bhaile

Ós rud é nach féidir neamhaird a thabhairt ach ar bhliain iomlán ranníocaíochta, déantar foráil maidir le creidmheasanna um chúramaíocht bhaile a dheonú nach mbíonn ináirithe ach i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) i leith:

- (1) tréimhse um chúramaíocht bhaile is lú ná bliain iomlán ranníocaíochta.
- (2) cuid de bhliain i dtús tréimhse um chúramaíocht bhaile agus/nó i ndeireadh na tréimhse sin.

Meánmhéid bliantúil a áireamh i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach)

Áirítear do mheánmhéid bliantúil trí líon iomlán do ranníocaíochtaí ÁSPC ináirithe a íocadh agus a cuireadh chun sochair a roinnt ar líon iomlán do bhlianta ranníocaíochta.

Sampla: Tá 800 ranníocaíocht ÁSPC agat go hiomlán agus is é líon iomlán do bhlianta ranníocaíochta ná 45.

Áirítear an meánmhéid bliantúil mar a leanas:

$$\begin{aligned} \text{Líon iomlán na ranníocaíochtaí a íocadh: } & \frac{800}{45} = \text{meánmhéid bliantúil 18} \\ \text{Roinn an líon iomlán ar líon na mblianta: } & \end{aligned}$$

D'fhág tú do phost chun cúram lánaimseartha a dhéanamh de do leanbh nuabheirthe.

Dáta breithe an linbh: 12 Bealtaine 1994.

An 12ú breithlá ag an leanbh: 12 Bealtaine 2006.

Taispeánann an tábla seo a leanas an meánmhéid bliantúil coigeartaithe, agus na tréimhsí um chúramaíocht bhaile san áireamh.

Meánmhéid bliantúil a áireamh i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach), agus na tréimhsí um chúramaíocht bhaile san áireamh			
Tréimhse um chúramaíocht bhaile	Ranníocaíochtaí iomlána (íochta agus curtha chun sochair)	Blianta iomlána ranníocaíochta	Meánmhéid Bliantúil
Meánmhéid bliantúil seachas tréimhsí um chúramaíocht bhaile	800	45	18
Cuir creidmheasanna um chúramaíocht bhaile leis maidir le cuid de bhliain i dtús na tréimhse um chúramaíocht bhaile, ó dháta breithe an linbh go deireadh na bliana ranníocaíochta (12/05/1994 - 05/04/1995)	+ 47		
Bain na blianta iomlána um chúramaíocht bhaile de na blianta iomlána ranníocaíochta, mar tugtar neamhaird orthu (06/04/1995 - 31/12/2005)		-11	
Cuir creidmheasanna um chúramaíocht bhaile leis maidir le cuid de bhliain i ndeireadh na tréimhse um chúramaíocht bhaile, ó thús na bliana ranníocaíochta go dtí an 12ú breithlá ag an leanbh (01/01/2006 - 12/05/2006)	+ 19		
Meánmhéid bliantúil coigeartaithe, agus na tréimhsí um chúramaíocht bhaile san áireamh	866	34	25

Tabhair faoi deara

Ón 1 Eanáir 2002, cuireadh an bhliain ranníocaíochta i gcomhréir leis an mbliain féilire. Mhair an bhliain ranníocaíochta 2001 ón 6 Aibreán 2001 go dtí an 31 Nollaig 2001. Roimhe sin, mhair an bhliain ranníocaíochta ón 6 Aibreán go dtí an 5 Aibreán.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt, le do thoil, ar www.welfare.ie.

Cé a fhéadfaidh a bheith mar chúramaí baile?

Chun a bheith i do chúramaí baile:

- ní mór duit a bheith i do bhuanchónaí sa Stát, (féadfar eisceacht a dhéanamh mar a mbíonn feidhm ag forálacha de rialacháin an Aontais Eorpaigh nó de rialacháin na n-oibrithe postáilte),
- ní mór duit a bheith faoi bhun 66 bliana d’aois,
- ní mór fostaíocht nó féinhostaíocht inárachaithe a bheith tosaithe agat ar 16 bliana d’aois nó níos sine agus roimh 56 bliana d’aois, agus
- ní ceadmhach duit a bheith ag obair go lánaimseartha (ach is féidir leat obair a dhéanamh sa chás go dtuilleann tú níos lú ná ollphá €38 in aghaidh na seachtaine).

Roimh an 26 Deireadh Fómhair 2000, níor mhór duit freisin a bheith i do chónaí leis an duine dá raibh aire á tabhairt agat.

Ón 26 Deireadh Fómhair 2000, mura bhfuil tú i do chónaí leis an duine seo:

- ní mór córas díreach cumarsáide a bheith idir d’áit chónaithe agus an duine a ndéantar cúram de, mar shampla tríd an nguthán nó trí chóras álaraim, agus
- ní ceadmhach cúram agus aire lánaimseartha a bheith á bhfáil cheana ó dhuine eile ag an duine a ndéantar cúram de laistigh dá (h)áit chónaithe féin.

Tabhair faoi deara

Ní gá duit clárú don scéim má fhaigheann tú Sochar Linbh, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Deontas Tacaíochta Cúramóra (a thagann in ionad an Deontais Chúraim Fhaoisimh). Mura bhfaigheann tú aon cheann de na híocaíochtaí seo, is féidir leat a bheith i do chúramaí baile fós.

Cé de ar gá cúram a dhéanamh?

Ní mór duit cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do:

- leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d’aois,

nó

- duine breoite nó duine faoi mhíchumas (atá 12 bhliain d’aois nó níos sine) ag a bhfuil gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Cad is brí le ‘cúram agus aire lánaimseartha’?

Ní mór gá a bheith ag an duine dá ndéantar cúram le:

- maoirseacht leanúnach ar mhaithe lena s(h)láinte féin agus lena s(h)ábháilteacht phearsanta, nó
- maoirseacht leanúnach a dhéanamh air/uirthi agus cúnamh a thabhairt dó/di go minic i gcaitheamh an lae chun riar ar na gnáthriachtanais phearsanta mar bheith ag ithe, ag siúl, ag folcadh agus mar sin de.

Is gá teastas dochtúra a chur ar fáil.

Cad a tharlaíonn má fhaightear Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra?

Má fhaigheann tú Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra, is féidir go bhfaighidh tú creidmheasanna i gcomhair na tréimhse cúraim. Cabhróidh na ‘creidmheasanna cúramóra’ seo leat do theidlíocht ar shochair agus ar phinsin sa toadhchá a chosaint. Féadfaidh tú sonraí de seo a fháil ag do Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Mura bhfuil creidmheasanna cúramóra ag dul duit, is féidir go gcuirfear blianta um chúramaíocht bhaile san áireamh duit i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach). Agus iarratas á chur isteach agat ar an bPinsean Stáit (Ranníocach), déan deimhin d’éileamh a dhéanamh ar bhlianta um chúramaíocht bhaile san fhoirm iarratais **SPC 1**.

Cé ba cheart iarratas a dhéanamh?

Ní gá duit iarratas a dhéanamh má fhaigheann tú Sochar Linbh (agus má chuireann tú cúram lánaimseartha ar fáil don leanbh), Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Deontas Tacaíochta Cúramóra (a thagann in ionad an Deontais Chúraim Fhaoisimh). Pléifimid le d’éileamh ar Shochar Linbh, ar Liúntas Cúramóra, ar Shochar Cúramóra nó ar Dheontas Tacaíochta Cúramóra (a thagann in ionad an Deontais Chúraim Fhaoisimh) mar iarratas ar a bheith i do chúramaí baile agus déanfaimid é seo a bhreacadh síos go huathoibríoch ar do thaifead árachais.

Más rud é nach bhfuil aon cheann de na híocaíochtaí seo á fháil agat ach go bhfuil cúram déanta agat de leanbh faoi bhun 12 bhliain d’aois nó de dhuine breoite nó nó de dhuine faoi mhíchumas atá 12 bhliain d’aois nó níos sine tráth ar bith ón 6 Aibreán 1994, is cóir duit iarratas a dhéanamh ar a bheith i do chúramaí baile.

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
& Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Níl cead ach ag duine amháin i d'áit chónaithe a bheith ina c(h)úramaí baile aon tráth áirithe. Má éiríonn tú as a bheith i do chúramaí baile agus má ghlacann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir an chúramaíocht bhaile chuige/chuici féin, ba cheart é seo a chur in iúl dúinn láithreach chun deimhin a dhéanamh de chaomhnú do theidlíochtaí faoin Scéim um Chúramaí Baile.

Tabhair faoi deara

Is le máthair an linbh a íoctar an Sochar Linbh de ghnáth. Beidh ar athair a fhanann sa bhaile an fhoirm iarratais HM1 a líonadh.

Cathain ba cheart iarratas a dhéanamh?

Déan iarratas roimh dheireadh na bliana cánach i ndiaidh na bliana a ndeachaigh tú leis an gcúramaíocht bhaile de chéad uair.

Iarratais dhéanacha

Féadfar iarratas a shiardhátú má tharlaíonn moill ó thaobh an t-éileamh a chur isteach.

Conas is ceart iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh ar a bheith i do chúramaí baile, líon an fhoirm iarratais **HM1**, atá le fáil ar líne ag **www.welfare.ie** agus cuir í, maille leis na teastais agus na cáipéisí is cuí, chuig:

Rannóg na Scéime um Chúramaí Baile

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
& Coimirce Sóisialaí
Bóthar Mhic Artair
Bun Cranncha
Contae Dhún na nGall

Guthán: (01) 47 158 98
Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar +353 1 4715898.

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: **(071) 919 3302**
Líne Eolais Íosghlao **1890 66 22 44**
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 71 91 93313**.
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Teastais is ga a chur le d'iarratas:

- Do theastas breithe (má rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).
- Teastas breithe (Teastais bhreithe) do dhaoine faoi do chúram (má rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna teastas.

Is féidir leat teastais chun críocha iarratais a fháil ón gCláráitheoir Breitheanna, Básanna agus Póstaí (i do cheantar) ar tháille laghdaithe. Thairis sin, is féidir leat teastais chun críocha iarratais a fháil ó:

Oifig an Ard-Chláráitheora

Oifigí an Rialtais
Bóthar an Chlochair
Ros Comáin

Guthán: (0) 90 6632900

Íosghlao: 1890 252 076

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 (0) 90 663 2900

Mura féidir leat an teastas (na teastais) a fháil láithreach, seol isteach d'fhoirm iarratais maille le nóta a luafaidh go gcuirfear an teastas (na teastais) chugainn chomh luath agus is féidir.

Pointí le tabhairt faoi deara:

- Ní bhaineann na socrúithe seo ach leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) agus ní tharraingíonn siad íocaíochtaí le linn na cúramaíochta baile.
- Ní gá duit clárú mar chúramaí baile má fhaigheann tú Sochar Linbh, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Deontas Tacaíochta Cúramóra (a thagann in ionad an Deontais Chúraim Fhaoisimh) ón Roinn seo.
- Ó Mheán Fómhair 2007, is féidir go mbeidh tú i dteideal an Liúntais Chúramóra ar leathráta mar aon le sochair áirithe leasa shóisialaigh eile. Lena chois sin, is féidir go bhfaighidh tú an íocaíocht seo má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir méadú duit mar dhuine fásta cáilithe ar a c(h)uid íocaíochta leasa shóisialaigh.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.welfare.ie**.

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.